

Nóirín O'Sullivan agus Conspóidí sa Gharda Síochána

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chonspóidí sa Gharda Síochána. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. aird	a. <i>the whistle-blower's integrity</i>
2. de bharr na gconspóidí	b. <i>breath tests</i>
3. ag tacú	c. <i>trust, confidence</i>
4. muinín	d. <i>barrister</i>
5. líomhaintí	e. <i>opposition politicians</i>
6. abhcóide	f. <i>focus, attention</i>
7. ionracas an sceithire	g. <i>entitled to the government's confidence</i>
8. droch-chlú a tharraingt ar	h. <i>crisis point / beginning of the end</i>
9. i dteideal mhuinín an rialtais	i. <i>supporting</i>
10. polaiteoirí freasúra	j. <i>to defame</i>
11. tástálacha anála	k. <i>allegations</i>
12. uair na cinniúna	l. <i>because of the controversies</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Cén fáth ar luadh na dátaí thíos?

I gcás gach dáta, breac síos an oiread eolais agus is féidir leat sa cholún 'Eolas breise' sa tábla thíos.

	Stór focal	Daoine	Eolas breise
Bealtaine 2016	- treoracha d'abhcóide - ionracas an sceithire - coimisiún O'Higgins	- An Taoiseach - Coimisinéir an Gharda Síochána	
Deireadh Fómhair 2016	- éirí as - líomhaintí - feachtas - droch-chlú	- Clare Daly - An Tánaiste	
Feabhra 2017	- go leataobh - fiosrúchán Charleton - muinín	- polaiteoirí freasúra an tsáirsint McCabe	
an tseachtain seo (deireadh mhí an Mhárta 2017)	- ciontaithe - tástálacha anála - uair na cinniúna	- An Garda Síochána - An Taoiseach - Fianna Fáil	

Ceist 3

'...I mí na Bealtaine...'
'...I mí Dheireadh Fómhair...'
'...I mí Feabhra...'

A. Cad a tharlaíonn do mhíonna na bliana tar éis an fhocail 'mí'? Líon an colún ar dheis leis an bhfoirm cheart den mhí.

Eanáir	mí
Feabhra	mí
Márta	mí
Aibreán	mí
Bealtaine	mí
Meitheamh	mí
Iúil	mí
Lúnasa	mí
Meán Fómhair	mí
Deireadh Fómhair	mí
Samhain	mí
Nollaig	mí

B. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

1. Cén dáta atá do lá breithe ann?
2. Cén dáta atá an Cháisc ann i mbliana?
3. Cathain atá breithlá do mháthar ann?

Ceist 4

'...go raibh muinín aige as...'

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. I met her yesterday.
2. The kids are afraid of him.
3. My mother is very proud of me.
4. She regrets not going to the cinema.
5. Pat speaks good French.
6. Caitlin is worried about him.
7. There is no harm in them.
8. He's right!
9. I hate them!
10. The film disgusted her.

Ceist 5

'...sa gconspóid...' vs '...sa chonspóid...'

Cad is féidir leat a rá faoin dá shampla thuas? An bhfuil an dá leagan ceart?

Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad a bhí ar eolas agat faoin scéal seo sular fhéach tú ar an mír?
2. An bhfuil dóthain ban i réimse na polaitíochta in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
3. An mbaineann breabaireacht agus éilliú leis an bpolaitíocht in Éirinn, dar leat?



Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	l	i	c	k	d	a	j	g	e	b	h

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Eanáir	mí Eanáir
Feabhra	mí Feabhra
Márta	mí an Mhárta
Aibreán	mí Aibreáin
Bealtaine	mí na Bealtaine
Meitheamh	mí an Mheithimh
Iúil	mí Iúil
Lúnasa	mí Lúnasa
Meán Fómhair	mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	mí Dheireadh Fómhair
Samhain	mí na Samhna
Nollaig	mí na Nollag

Ceist 4

1. Bhuail mé léi inné.
2. Tá eagla ar na páistí roimhe.
3. Tá mo mháthair an-bhródúil asam.
4. Tá aiféala uirthi nach ndeachaigh sí go dtí an phictiúrlann.
5. Tá Fraincis mhaith ag Pat.
6. Tá Caitlin imníoch faoi.
7. Níl aon dochar iontu.
8. Tá an ceart aige. / Is fíor dó.
9. Tá an ghráin agam orthu. / Is fuath liom iad.
10. Chuir an scannán déistin uirthi.

Ceist 5

Ceadaítear anois, i gCaighdeán Oifigiúil 2016, urú a chur in áit an tséimhithe tar éis *don*, *den* agus *sa*. Tá an nós seo ann i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Cé gur sheas an rialtas le Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan, sa gconspóid¹ a bhain leis an sáirsint Maurice McCabe, tá aird anois arís uirthi de bharr na gconspóidí is deireanaí. Ach an mbeidh an rialtas in ann leanúint ag tacú léi, ó tharla nach bhfuil Fianna Fáil sásta a rá go bhfuil muinín acu féin inti.

Caoimhe Ní Chonchoille

I mí na Bealtaine anuraidh, dúirt an Taoiseach, Enda Kenny, go raibh muinín iomlán aige as Coimisinéir an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan. Is ag freagairt ceiste a bhí sé faoi líomhaintí go dtug² sí treoracha d'abhcóide amhras a chaitheamh ar ionracas an sceithire, Maurice McCabe, i gcoimisiún O'Higgins. Shéan Nóirín O'Sullivan na líomhaintí sin.

I mí Dheireadh Fómhair na bliana sin, dúirt an Teachta Dála Neamhspleách Clare Daly gur chóir do Nóirín O'Sullivan éirí as, i ndiaidh do bheirt Ghardaí líomhaintí a dhéanamh go raibh feachtas ar bun ag oifigh shinsearacha sa Gharda Síochána le droch-chlú a tharraingt ar Ghardaí a sceith eolas. Ach dúirt an Tánaiste, Frances Fitzgerald, ag an am nach raibh aon eolas tagtha chun cinn a léireadh go ndearna sí a dhath as bealach agus, dá bhrí sin, go raibh sí i dteideal mhuinín an rialtais.

I mí Feabhra na bliana seo, cé gur dhúirt³ go leor polaiteoirí freasúra gur cheart don Choimisinéir seasamh go leataobh a fhad is a bhí fiosrúchán Charleton ar bun faoi chás an tsáirsint McCabe, léirigh an Taoiseach muinín arís eile i Nóirín O'Sullivan.

Agus an tseachtain seo, go deimhin, tháinig conspóid eile sa Gharda Síochána chun cinn, a bhain le ciontuithe agus tástálacha anála. Dé hAoine seo caite, agus arís inniu, mhaígh an Taoiseach go raibh muinín aige as Nóirín O'Sullivan. Ach an iarraidh seo, tá sé ráite ag Fianna Fáil nach bhfuil siadsan ábalta muinín a léiriú inti. D'fhéadfadh sé, mar sin, go bhfuil uair na cinniúna ag teannadh leis an Choimisinéir.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

¹ Córas Chonnacht

² gur thug an leagan caighdeánach

³ go ndúirt an leagan caighdeánach